Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le Tacsanomaíocht shóisialta – Dúshláin agus deiseanna

(tuairim féintionscnaimh)

(2022/C 486/03)

Rapóirtéir: **Judith VORBACH**

Cinneadh ón Tionól Iomlánach	20.1.2022
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta Tuairim féintionscnaimh
Rannóg atá freagrach	Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta agus Comhtháthú Eacnamaíoch agus Sóisialta
Dáta a glactha sa rannóg	9.9.2022
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	22.9.2022
Seisiún iomlánach Uimh.	572
Toradh na vótála	
(ar son/in aghaidh/staonadh)	123/26/12

1. **Conclúidí agus moltaí**

1.1. Leis an tuairim seo, tarraingíonn CESE aird ar thacsanomaíocht shóisialta, d'fhonn díospóireacht a spreagadh. Iarrann CESE ar an gCoimisiún an tuarascáil atá thar téarma a fhoilsiú, ina ndéantar cur síos ar na forálacha a bheadh ag teastáil chun raon feidhme na tacsanomaíochta a leathnú chuig cuspóirí inbhuanaitheachta eile, lena n-áirítear cuspóirí sóisialta, amhail a iarradh sa Rialachán maidir le Tacsanomaíocht ([1]) (an Rialachán). Tá CESE ag labhairt amach ar son tacsanamaíocht shóisialta a bheidh inmharthana ó thaobh cúrsaí oibríochtúla de agus slán mar choincheap, chun na deiseanna a fhíorú agus an lámh in uachtar a fháil ar na dúshláin freisin. Ba cheart tacsanomaíocht an Aontais a bheith ailínithe le cur chuige iomlánaíoch, lena n-áirítear inmharthanacht chomhshaoil agus shóisialta. I bhfianaise dhúshláin an aistrithe ghlais, thionchair eacnamaíocha agus shóisialta na paindéime agus an chogaidh san Úcráin a tharla i ngeall ar ionsaí na Rúise, mar aon leis an teannas geopholaitiúil a bhí mar thoradh air sin, tá CESE á athéileamh go mbeadh beartas eacnamaíoch cothromaithe ann, agus fócas níos fearr ar chuspóirí sóisialta.

1.2. Is geal linn coimircí íosta an Rialacháin agus ba cheart iad a chur chun feidhme go críochnúil. Mar sin féin, ní leor iad chun inbhuanaitheacht shóisialta a áirithiú le haghaidh oibrithe, tomhaltóirí agus pobal. Ba chabhair í tacsanomaíocht de chuid an Aontais chun freastal ar na riachtanais phráinneacha infheistíochta sa réimse sóisialta, trí infheistíochtaí a sheoladh sa treo sin. Beidh tuilleadh tábhachta fós léi sa chás gur cuid de bheartas iomlán í a bheidh dírithe ar an gcothroime shóisialta agus ar an gcuimsiú. Chun aistriú cóir a bhaint amach, beidh dálaí sóisialta inbhuanaithe ag teastáil, agus d'fhéadfadh tacsanomaíocht shóisialta na treoirlínte a bhfuiltear ag dréim leo le fada a sholáthar. Iarrann CESE ar an gCoimisiún meastachán a sholáthar ar na cistí a bheidh ag teastáil d'fhonn Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme. Tríd is tríd, beidh ról ríthábhachtach ag an infheistíocht phoiblí i réimse na seirbhísí poiblí i gcónaí. Is rud bunúsach é i gcónaí cúrsaí leasa shóisialta a bheith á maoiniú le caiteachas rialtais agus córais chobhsaí slándála sóisialta. Mar sin féin, d'fhéadfadh tacsanomaíocht shóisialta a chomhaontófar go comhchoiteann treoirlínte a chur ar fáil le haghaidh infheistíochtaí a mbeadh tionchar sóisialta dearfach acu.

1.3. Molann CESE cloí leis an gcur chuige il-leibhéil agus ilchineálach arna mholadh ag an Ardán maidir le Maoiniú Inbhuanaithe ([2]) (an tArdán) sa tuarascáil ón gCoimisiún. Bheadh sé úsáideach tacsanomaíocht shóisialta a chomhtháthú i dtimpeallacht reachtach an Aontais maidir le hairgeadas agus rialachas inbhuanaithe, agus é á chur san áireamh go bhfuil go leor oibre le déanamh. Go háirithe, bheadh an Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach atá molta ina comhlánú tábhachtach ar thacsanomaíocht shóisialta a bhféadfaí na bearta a mheas ina choinne, agus meastóireacht a dhéanamh orthu. Rannchuideodh tacsanomaíocht shóisialta dhea-dheartha freisin le dul i ngleic leis an bhfadhb a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le sciúradh sóisialta. Molann CESE tosú le treoirlínte atá simplí agus soiléir, foráil a dhéanamh maidir le nósanna imeachta éasca agus trédhearcacha agus iad a chomhlánú céim ar chéim amach anseo. Ba cheart gur comhtháthú dlúth na dtacsanomaíochtaí sóisialta agus comhshaoil an sprioc chríochnaitheach, ach d'fhéadfadh coimircí íosta frithpháirteacha a bheith praiticiúil mar chéad chéim.

([1]) IO L 198, 22.6.2020, lch. 13.
([2]) Ardán maidir le Maoiniú Inbhuanaithe | An Coimisiún Eorpach (europa.eu).

1.4. Ba cheart gníomhaíochtaí agus cuideachtaí a rannchuidíonn go suntasach leis an inbhuanaitheacht shóisialta a shonrú i dtacsanomaíocht AE agus í a bheith ina caighdeán óir agus léiriú ar leibhéal uaillmhéine níos airde ná an leibhéal dá bhforáiltear sa reachtaíocht. Is geal le CESE na cuspóirí atá á moladh ag an Ardán maidir le hobair chuibhiúil, caighdeáin mhaireachtála leordhóthanacha agus pobail ionchuimsitheacha agus inbhuanaithe. Cé go bhfuil prionsabail éagsúla idirnáisiúnta agus AE ann a d'fheadfadh feidhmiú mar bhonn, molann CESE go háirithe tagairt do Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus do na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe ábhartha (SDGanna), amhail SDG 8 maidir le hobair chuibhiúil. In aon chás, níor mhór comhlíonadh chearta an duine agus chearta oibrithe a bheith ina choinníoll chun ceanglais na tacsanomaíochta a chomhlíonadh. Tá sé ríthábhachtach go gcloífear le comhaontuithe comhchoiteanna agus le sásraí comhchinntiúcháin i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus Eorpach faoi seach agus ba cheart gur prionsabal DNSH ([3]) a bheadh ann. Ba cheart a mheas go bhfuil treoirlínte a bhfuil tionchair shóisialta dhearfacha acu, atá bunaithe ar chomhaontú na gcomhpháirtithe sóisialta, ar aon dul leis an tacsanomaíocht. Ní mór a chur san áireamh go bhfuil éagsúlacht shuntasach idir leibhéal an chumhdaigh cómhargála i measc na mBallstát agus gur thit sé i 22 Bhallstát, fadhb ar a tugadh aghaidh uirthi sa Treoir maidir le pá íosta.

1.5. Tá CESE ag áitiú ar na reachtóirí páirt iomlán a thabhairt do na comhpháirtithe sóisialta agus d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta i ndearadh na tacsanomaíochta sóisialta, óir déanann sé difear dóibh agus ní mór dóibh oibleagáidí tuairiscithe a chomhlíonadh, agus d'fhonn a n-úinéireacht a choimirciú. Ceistíonn CESE ró-úsáid gníomhartha tarmligthe i réimse na tacsanomaíochta, óir tá raon leathan ceisteanna polaitiúla i gceist. Is é is aidhm don tacsanomaíocht trédhearcacht a chur ar fáil d'infheisteoirí, do chuideachtaí agus do thomhaltóirí. Amach anseo, ba cheart measúnú agus plé cuí a dhéanamh ar an úsáid a d'fhéadfadh institiúidí rialtais a bhaint aisti mar thagairt do chláir chabhrach agus chistiúcháin. Níor mhór aon úsáid níos leithne a bheith faoi réir an phróisis cinnteoireachta iomchuí. Ní mór cur isteach míchuí ar reachtaíocht náisiúnta agus ar neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta a chosc. Ar deireadh, ní mór an sciúradh sóisialta a sheachaint. Ba cheart sásraí gearáin a chur ar fáil le haghaidh ceardchumann, comhairlí fostaithe, eagraíochtaí tomhaltóirí agus ionadaithe eile na sochaí sibhialta eagraithe agus na húdaráis inniúla náisiúnta a dhéanamh níos freagraí as a gcúraimí maidir le rialú a dhéanamh.

1.6. Is mian le CESE a chur i bhfios go bhfuil tuilleadh sochar ag baint le tacsanomaíocht shóisialta. Ar an gcéad dul síos, ba cheart tacaíocht a thabhairt don éileamh atá ag dul i méid ar infheistíocht a dhíríonn ar ghnéithe sóisialta, trí thacsanomaíocht iontaofa a chur ar fáil, ar coincheap comhleanúnach é chun an inbhuanaitheacht shóisialta a thomhas. Ar an dara dul síos, b'fhéidir gurbh ionann gníomhaíochtaí atá díobhálach ar bhonn sóisialta agus rioscaí eacnamaíocha agus d'fhéadfadh tacsanomaíocht iad sin a íoslaghdú. Ar an tríú dul síos, tá an trédhearcacht ríthábhachtach d'éifeachtúlacht na margaí caipitil, agus d'fhéadfadh sí rannchuidiú leis an margadh sóisialta inmheánach freisin, amhail a leagadh amach in Airteagal 3 CFAE. Chothódh sí cothrom iomaíochta, bheadh sí ina bac ar an iomaíocht éagórach agus chuirfeadh sí le hinfheictheacht na gcuideachtaí agus na n-eagraíochtaí a rannchuidíonn leis an inbhuanaitheacht shóisialta. Ar an gceathrú dul síos, ba cheart don Aontas tógáil ar a chuid buanna agus tréaniarracht a dhéanamh bheith ina dhea-eiseamláir agus ina cheannródaí san inbhuanaitheacht comhshaoil agus shóisialta. Ba cheart an díospóireacht ar ghníomhaireacht rátála AE a athsheoladh Iarrann CESE an athuair freisin go ndéanfaí rialáil agus maoirseacht cheart ar sholáthraithe sonraí airgeadais agus seach-airgeadais.

1.7. Tarraingíonn CESE aird ar dhúshláin bhreise freisin, agus réitigh fhéideartha orthu. Ar an gcéad dul síos, d'fhéadfadh foriamh margaidh a bheith ina ábhar imní. Mar sin féin, bunaítear infheistíochtaí ar chritéir eile freisin, amhail toradh ionchais, a d'fhéadfadh na spriocanna inbhuanaitheachta a shárú, agus is minic sineirgí idir leasanna infheisteoirí agus leasanna geallsealbhóirí eile. I gcás ar bith, níor mhór a mheas nach díobhálach é gan ceanglais na tacsanomaíochta a chomhlíonadh, agus ba cheart go ndéanfadh an Coimisiún an méid sin a shoiléiriú. Ba cheart an bhéim ar thionchar na hinfheistíochta inbhuanaithe ar ghníomhaíochtaí an fhíorgheilleagair a fheabhsú. Ar an dara dul síos, beidh an sainiú ar an méid ba cheart a chuimsiú sa tacsanomaíocht ina chonspóid. Is é sin go díreach an fáth ar cheart an próiseas sainithe a bheith faoi réir díospóireacht agus cinnteoireacht dhaonlathach. Sa tslí sin, d'fhéadfaí coincheap comhchoiteann agus iontaofa maidir leis an inbhuanaitheacht a fhorbairt, coincheap a bhféadfadh agus ar cheart do na gníomhaithe éagsúla tagairt dó. Beidh mar a éireoidh leis an tacsanomaíocht nasctha lena hinchreidiúnacht, agus ní mór do na gníomhaíochtaí a chuimseofar inti sainmhíniú ar thacsanomaíocht a nglactar leis go forleathan a shásamh. Ar an tríú dul síos, d'fhéadfadh ceanglais tuairiscithe bhreise a bheith ann mar thoradh ar thacsanomaíocht shóisialta. Tá CESE ag iarraidh ar an gCoimisiún na ceanglais sin a íoslaghdú, agus forluíonna a sheachaint freisin. D'fhéadfadh comhairleoireacht agus seirbhísí tacsanomaíochta arna gcur ar fáil ag gníomhaireacht atá údaraithe de réir an dlí a bheith úsáideach, go háirithe le haghaidh fiontair bheaga agus mheánmhéide, comharchumainn agus samhlacha gnó neamhbhrabúsacha. Ina theannta sin, ba cheart institiúidí airgeadais a spreagadh measúnuithe a chur ar fáil ar thionchair shóisialta infheistíochtaí, mar atá á dhéanamh faoi láthair ag bainc atá bunaithe ar luachanna eiticiúla ar fud an domhain.

2. **Cúlra na tuairime**

2.1. Ba cheart do chreat AE maidir le maoiniú inbhuanaithe cuidiú chun sreafaí airgeadais príobháideacha a dhíriú i dtreo gníomhaíochtaí eacnamaíocha inbhuanaithe. Is é atá i bplean gníomhaíochta 2018 maidir le maoiniú inbhuanaithe, tacsanomaíocht, córas um nochtadh le haghaidh cuideachtaí, agus uirlisí infheistíochta, lena n-áirítear tagarmharcanna,

([3]) DNSH = "gan dochar suntasach a dhéanamh".

caighdeáin agus lipéid. I straitéis athnuaite 2021 um maoiniú inbhuanaithe, dírítear ar aistriú inbhuanaitheachta an fhíorgheilleagair a mhaoiniú, agus ar an ionchuimsitheacht, an athléimneacht, rannpháirtíocht earnáil an airgeadais agus spriocanna domhanda. Laistigh den chreat sin, rinne an tAontas Eorpach obair ar thionscnaimh reachtaíochta éagsúla a bhfuil príomhról ag tacsanomaíocht AE iontu. Tagraíonn CESE dá thuairimí ar an ábhar sin ([4]).

2.2. Ba cheart do thacsanomaíocht AE trédhearcacht le haghaidh infheisteoirí agus cuideachtaí a sholáthar agus tacaíocht a thabhairt dóibh maidir le hinfheistíochtaí inbhuanaithe a shainaithint. Is é atá sa Rialachán córas aicmithe a dhíríonn ar sé chuspóir comhshaoil sna réimsí seo a leanas: maolú ar an athrú aeráide, oiriúnú don athrú aeráide, an t-uisce, an bhithéagsúlacht, cosc ar thruailliú agus an geilleagar ciorclach. Maidir le hinfheistíocht inbhuanaithe chomhshaoil, níor mhór go rannchuideodh sí go suntasach le ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí sin a bhaint amach, nach ndéanfadh sí dochar suntasach d'aon cheann díobh (an prionsabal "gan dochar suntasach a dhéanamh"), agus go gcomhlíonfadh sí tairsí feidhmíochta (a dtagraítear dóibh mar chritéir scagtha theicniúla). Ní mór na coimircí íosta sóisialta agus rialachais a bheith á gcomhlíonadh aici freisin (Airteagal 18). Dá réir sin, ní mór do chuideachtaí nósanna imeachta a chur chun feidhme chun a áirithiú go mbeidh gníomhaíocht ailínithe le Treoirlínte ECFE maidir le Fiontair Ilnáisiúnta (FINanna), Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine, Dearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha san Obair agus an Bille Idirnáisiúnta um Chearta an Duine.

2.3. Faoi Airteagal 26 den Rialachán tugtar sainordú don Choimisiún tuarascáil a fhoilsiú faoi dheireadh 2021 ina bhfuil cur síos ar na forálacha a bheadh ag teastáil chun a raon feidhme a leathnú chun "cuspóirí inbhuanaitheachta eile a chumhdach, amhail cuspóirí sóisialta". Léiriú atá sa mhéid sin gur beartaíodh a raon feidhme a leathnú, cé nach bhfuil tacsanomaíocht shóisialta a chur chun feidhme leagtha síos fós mar riachtanas. I gcomhréir leis an Rialachán, leagadh mar chúram ar fhoghrúpa an Ardáin maidir leis an tacsanomaíocht shóisialta féachaint an bhféadfaí an tacsanomaíocht a leathnú chuig cuspóirí sóisialta. D'eisigh an foghrúpa sin a thuarascáil deiridh maidir leis an tacsanomaíocht shóisialta i mí Feabhra 2022 ([5]), níos déanaí ná mar a fógraíodh, agus táthar ag súil go ndéanfaidh an Coimisiún a thuarascáil a tharraingt suas bunaithe ar an méid sin. Ina theannta sin, iarrann sé ar an Ardán comhairle a chur ar an gCoimisiún maidir le feidhmiú Airteagal 18, i.e. treoir a thabhairt maidir leis an tslí a bhféadfadh cuideachtaí na coimircí íosta a chomhlíonadh, agus féachaint ar an ngá a d'fhéadfadh a bheith le ceanglais an airteagail a fhorlíonadh.

2.4. Molann an tArdán struchtúr maidir le tacsanomaíocht shóisialta laistigh de thimpeallacht reachtach reatha AE maidir le maoiniú agus rialachas inbhuanaithe. I gcás tacsanomaíocht shóisialta a bheith á cur chun feidhme, d'fhorálfaí le forálacha eile do thírdhreach rialaitheach, lena n-áirítear an Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach, treoir a thiocfaidh in áit na Treorach maidir le Faisnéis Neamhairgeadais agus lena dtionscnófar caighdeáin éigeantacha AE maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta, an Rialachán maidir le Nochtadh Maoiniú Inbhuanaithe, agus an Treoir i dtaca le Dícheall Cuí maidir le hInbhuanaitheacht Chorparáideach. Go háirithe, faoin Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach a bheartaítear, ceanglófar ar chuideachtaí aghaidh a thabhairt ar bheart faisnéise maidir le hábhair shóisialta agus tuairisciú maidir le himthosca rialachais agus meastar go bhfeabhsófar an nochtadh i ndáil le cúrsaí sóisialta. Ar an ábhar sin, ba chomhlánú tábhachtach é ar thacsanomaíocht shóisialta a bhféadfar na cúrsaí sin a thomhas agus a mheas ina coinne.

2.5. Ainneoin roinnt difríochtaí, molann an tArdán cloí le gnéithe struchtúracha na tacsanomaíochta comhshaoil. Tá trí mhórchuspóir á moladh aige, mar aon le fochuspóirí. San áireamh sa chuspóir maidir le hobair chuibhiúil tá fochuspóirí amhail an t-idirphlé sóisialta a neartú, an chómhargáil a chur chun cinn, agus íosphá maireachtála lena ráthófar saol cuibhiúil. San áireamh sa chuspóir maidir le caighdeán maireachtála leordhóthanach tá táirgí sláintiúla agus sábháilte, cúram sláinte ar ardchaighdeán agus tithíocht ar ardchaighdeán, agus sa chuspóir maidir le pobail ionchuimsitheacha agus inbhuanaithe, ba cheart comhionannas agus fás ionchuimsitheach a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt do shlite beatha inbhuanaithe. Tagraíonn na coimircí íosta atá molta do spriocanna comhshaoil, rialtais agus sóisialta chun neamhréireachtaí a sheachaint, amhail cuideachta atá i mbun gníomhaíochtaí inbhuanaithe a bheith bainteach le sáruithe ar chearta an duine. Thairis sin, ba cheart aghaidh a thabhairt ar na geallsealbhóirí ábhartha, go háirithe lucht saothair an eintitis agus oibrithe slabhra luacha, na húsáideoirí deiridh agus na pobail lena mbaineann. Moltar critéir an phrionsabail "gan dochar suntasach a dhéanamh" a bhaineann leis an réimse sóisialta agus gníomhaíochtaí díobhálacha a liostú freisin.

3. **Barúlacha ginearálta**

3.1. Iarrann CESE go mbeadh beartas eacnamaíoch ann a bheadh comhsheasmhach leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus leis na SDGanna. Ní mór díriú go cothrom ar phríomhchuspóirí beartais, go háirithe ar inbhuaine comhshaoil, fás inbhuanaithe agus cuimsitheach, lánfhostaíocht agus obair ardcháilíochta, dáileadh cothrom, sláinte agus cáilíocht saoil, an comhionannas inscne, cobhsaíocht airgeadais, cobhsaíocht praghsanna,

([4]) IO C 517, 22.12.2021, lch. 72.
([5]) Tuarascáil Chríochnaitheach maidir leis an Tacsanomaíocht Shóisialta (europa.eu).

trádáil chothrom bunaithe ar struchtúr tionsclaíoch agus eacnamaíoch atá cóir agus iomaíoch, agus airgeadas poiblí cobhsaí. Ina theannta sin, tarraingíonn CESE aird ar an gclár oibre don inbhuanaitheacht iomaíoch ina gcuirtear a cheithre ghné – inbhuanaitheacht comhshaoil, táirgiúlacht, cothroime agus cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch – ar bhonn chothrom d'fhonn éifeachtaí atreisithe agus aistriú rathúil glas agus digiteach a bhaint amach ([6]). I bhfianaise an chogaidh san Úcráin mar thoradh ar ionsaí na Rúise, cuireann CESE i bhfáth go bhfuil sé á iarraidh go mbeadh beartas eacnamaíoch cothromaithe ann a chuidíonn chun na tionchair eacnamaíocha agus shóisialta a mhaolú, agus tugann sé aird ar an ráiteas i mBunreacht 1919 EIS nach bhfuil sé indéanta síocháin uilíoch mharthanach a bhunú mura mbunaítear ar an gceartas sóisialta í.

3.2. Tarraingíonn CESE aird ar choincheap na tacsanomaíochta sóisialta, agus é de chuspóir aige díospóireacht a spreagadh agus feasacht a ardú. Tá CESE ag labhairt amach ar son tacsanomaíocht shóisialta a bheidh inmharthana ó thaobh cúrsaí oibríochtúla de agus slán mar choincheap, chun na deiseanna suntasacha a fhíorú agus dúshláin éagsúla a shárú ag an am céanna (féach thíos). Díreach cosúil leis an mbeartas eacnamaíoch i gcoitinne, ba cheart coincheap na hinbhuanaitheachta maoiniúcháin agus, go háirithe, tacsanomaíocht AE a bheith ailínithe le cur chuige iomlánaíoch agus ilghnéitheach agus ba cheart an inbhuanaitheacht comhshaoil, shóisialta agus rialachais a chur ar comhchéim. Thairis sin, is féidir leis an aistriú glas dochar a dhéanamh i dtéarmaí sóisialta. Dá bhrí sin, tá gá le caighdeáin a chosaint agus a fheabhsú sa réimse sóisialta, agus béim á leagan ar gan aon duine a fhágáil ar lár. Chun aistriú cóir a bhaint amach, beidh dálaí sóisialta inbhuanaithe ag teastáil, agus d'fhéadfadh tacsanomaíocht shóisialta treoirlínte a sholáthar.

3.3. Feictear do CESE go bhfuil tacsanomaíocht shóisialta ina comhlánú tábhachtach agus riachtanach ar ghné shóisialta AE, agus iarrann sé ar an gCoimisiún an tuarascáil a fhoilsiú in am trátha, amhail a iarradh in Airteagal 26. Ba cheart cloí leis an gcur chuige il-leibhéil agus ilchineálach sa tuarascáil ón Ardán. Mar sin féin, d'fhéadfadh iarracht a dhéanamh foirfeacht a bhaint amach, mar aon le cuimsiú ghnéithe uile na hinbhuanaitheachta sóisialta moill mhór a chur ar chur chun feidhme na tacsanomaíochta sóisialta, agus bheadh baol ann b'fhéidir go ndéanfaí an tionscadal i gcoitinne a chaitheamh i leataobh. Ar an ábhar sin, molann CESE tús a chur go tráthúil leis an bpróiseas le treoirlínte a bheidh simplí agus soiléir agus le nósanna imeachta éasca maidir le trédhearcacht agus leanúint den mhéid sin a chomhlánú céim ar chéim. Maidir leis an ngaolmhaireacht idir an tacsanomaíocht chomhshaoil agus tacsanomaíocht shóisialta, ba cheart comhleanúnachas agus dlúthchomhtháthú an dá chur chuige a bheith mar sprioc. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé go bhfeilfeadh coimircí íosta frithpháirteacha mar chéad chéim.

3.4. Is díol sásaimh do CESE gur fhoilsigh an tArdán dréacht dá thuarascáil maidir le hAirteagal 18 den Rialachán chun comhairle a chur ar chuideachtaí maidir le conas ceanglais an airteagail a chur chun feidhme agus lena bhféadfaí é a leasú, b'fhéidir. I gcomhthéacs na hinbhuanaitheachta sóisialta go háirithe, tá sé ríthábhachtach feidhmíocht iarbhír chuideachta a mheasúnú maidir le cearta an duine, caidreamh tionsclaíoch agus obair chuibhiúil. Mar sin féin, cé gur díol sásaimh iad coimircí íosta na tacsanomaíochta comhshaoil agus gur cheart iad a chur chun feidhme go críochnúil, ní ghlacfaidís áit na tacsanomaíochta sóisialta riamh. Ní leor iad chun inbhuanaitheacht shóisialta a áirithiú le haghaidh oibrithe, tomhaltóirí agus pobal ([7]). Thairis sin, molann CESE comhoibriú leis na comhpháirtithe sóisialta áitiúla, le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus le fiontair shóisialta chun faireachán a dhéanamh ar thionchar dearfach na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha ar gheallsealbhóirí agus chun an tionchar sin a chur chun cinn.

3.5. Beidh breis tábhachta leis an tacsanomaíocht shóisialta má tá sí ina cuid de bheartas foriomlán a bheidh dírithe i dtreo inbhuanaitheacht shóisialta, agus rialacha iomchuí ag gabháil léi, mar shampla, dícheall cuí maidir le cearta an duine. Mar sin féin, ní thiocfaidh sí in ionad rialú fónta agus beartas sóisialta riamh. Is rud bunúsach é i gcónaí cúrsaí leasa shóisialta a bheith á maoiniú le caiteachas rialtais agus córais chobhsaí slándála sóisialta. Níor cheart don tacsanomaíocht feidhmiú mar uirlis maidir le plódú nó príobháidiú. Bíonn ról ríthábhachtach ag an infheistíocht phoiblí i réimse na seirbhísí poiblí i gcónaí, agus is minic a spreagtar tuilleadh infheistíocht phríobháideach léi. Mar sin féin, d'fhéadfadh an tacsanomaíocht shóisialta critéir inbhuanaitheachta a sholáthar i réimsí amhail an bonneagar, an tsláinte, an t-oideachas, an oiliúint agus tithíocht shóisialta, le haghaidh aon infheisteoirí d'fhonn infheistíochtaí atá inbhuanaithe go sóisialta a chumasú san fhíorgheilleagar agus an sciúradh sóisialta a sheachaint. Amach anseo, d'fhéadfadh institiúidí rialtais an tacsanomaíocht a úsáid mar thagairt do chláir chabhrach agus chistiúcháin. Ní mór é sin a mheasúnú agus a phlé i gceart.

3.6. Chuirfeadh tacsanomaíocht shóisialta struchtúr mionsonraithe ar fáil ar thionchair shóisialta dhearfacha agus dhiúltacha gníomhaíochtaí eacnamaíocha. Maidir leis na pointí i dtrácht, baineann roinnt mhaith díobh le hábhair a bhíonn faoi chaibidil de ghnáth idir na comhpháirtithe sóisialta agus i measc eagraíochtaí na sochaí sibhialta. Iarrann CESE go mbeadh an tsochaí shibhialta eagraithe rannpháirteach go hiomlán i ndearadh na tacsanomaíochta, go háirithe na gcuspóirí agus na bhfochuspóirí, na gcritéar agus na bprionsabal coimirce maidir le "gan dochar suntasach a dhéanamh". Déanann dearadh na gcuspóirí difear d'fhostóirí, d'fhostaithe, do thomhaltóirí, do gheallsealbhóirí eile agus do phobail agus/nó ceanglófar oibleagáidí orthu maidir le tuairisciú. Cuireann CESE in iúl freisin go léirítear le cistí pinsin gur tairbhithe infheistíochtaí iad fostaithe. Tá rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí ríthábhachtach chun úinéireacht a choimirciú. Measann

([6]) IO C 275, 18.7.2022, lch. 50.
([7]) IO C 152, 6.4.2022, lch. 97.

CESE go bhféadfaí tacsanomaíocht shóisialta a chur chun feidhme tríd an Rialachán a athbhreithniú, agus dá bhrí sin, go ndéanfaí gnáthnós imeachta reachtach. Tá amhras ann maidir le ró-úsáid gníomhartha tarmligthe i gcomhthéacs maoiniú inbhuanaithe agus go háirithe maidir leis an tacsanomaíocht a chur chun feidhme, óir dírítear ar raon leathan ceisteanna polaitiúla a bhfuil i bhfad níos mó ná sonraíochtaí teicniúla i gceist leo.

3.7. Leagann CESE béim ar a thábhachtaí atá sé feabhas a chur ar cháilíocht na faisnéise i réimse na n-infheistíochtaí atá inbhuanaithe go sóisialta agus an bhréagaisnéis faoin staid shóisialta a chosc, chun tionchair dhiúltacha ar na geallsealbhóirí uile a sheachaint. Rannchuideodh tacsanomaíocht shóisialta dhea-dhearthaa go mór le fadhbanna den sórt sin a réiteach trí ghníomhaíochtaí agus eintitis a chuireann go mór leis an inbhuanaitheacht shóisialta a léiriú go soiléir. Ba cheart í a bheith ina caighdeán óir agus leibhéal uaillmhéine níos airde a léiriú ná an leibhéal dá bhforáiltear cheana féin sa reachtaíocht, agus go ndéanfaí cothromaíocht a aimsiú idir bheith ródhomhanda agus róchúng. Cé gur ar an eolaíocht is mó a bhunaítear critéir chomhshaoil, is ar chaighdeáin agus ar chreata arna gcomhaontú ar bhonn domhanda is mó a bhraithfeadh tacsanomaíocht shóisialta den sórt atá á mholadh ag an Ardán. Cé nach bhfuil na caighdeáin agus na creata sin forordaitheach, feidhmíonn siad mar threoirlínte chun gníomhaíochtaí sóisialta inbhuanaithe a spreagadh.

3.8. Níor mhór comhlíonadh chearta an duine agus chearta oibrithe a bheith ina choinníoll chun ceanglais na tacsanomaíochta a chomhlíonadh. Mar an gcéanna, tá sé ríthábhachtach go gcloífear le comhaontuithe comhchoiteanna agus le sásraí comhchinntiúcháin i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus Eorpach faoi seach agus ba cheart gur prionsabal DNSH a bheadh ann. Thairis sin, ba cheart treoirlínte lena bhforáiltear do nósanna imeachta éasca agus trédhearcacha a bhfuil tionchair shóisialta dhearfacha acu, atá bunaithe ar chomhaontú na gcomhpháirtithe sóisialta, a bheith ina ngníomhaíocht eacnamaíoch atá comhréireach le tacsanomaíocht. Tá sé tábhachtach a mheabhrú anseo go bhfuil éagsúlacht shuntasach idir leibhéal an chumhdaigh cómhargála i measc na mBallstát (7 % sa Liotuáin agus 98 % san Ostair). Ó 2000 i leith, tá cumhdach na cómhargála tite i 22 Bhallstát agus meastar go gcumhdaítear 3,3 milliún níos lú oibrithe anois le comhaontú cómhargála. Tá ról tábhachtach ag an Treoir nua maidir le pá íosta agus síneadh a chur le cur i bhfeidhm na gcomhaontuithe cómhargála agus an tacsanomaíocht shóisialta á cur chun feidhme ([8]). Ina theannta sin, molann CESE comhairle shoiléir a thabhairt ar an ngníomh reachtach a bheartaítear maidir le coimircí íosta a chur chun feidhme, ag brath b'fhéidir ar an tuarascáil ón Ardán maidir le hAirteagal 18 den Rialachán.

3.9. Is féidir le noirm agus prionsabail éagsúla idirnáisiúnta agus AE a bheith mar bhonn don tacsanomaíocht shóisialta. Maidir leis na cuspóirí agus fochuspóirí, tá CESE á mholadh go dtagrófaí do cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus don phlean gníomhaíochta a bhaineann leis agus do na SDGanna ábhartha, go háirithe, SDG 8 (obair chuibhiúil agus fás eacnamaíoch), SDG 1 (deireadh leis an mbochtaineacht), SDG 2 (saoirse ón ocras), SDG 3 (sláinte agus dea-bhail), SDG 4 (oideachas agus oiliúint), SDG 5 (comhionannas inscne), SDG 10 (na neamhchomhionannais a laghdú) agus SDG 11 (cathracha agus pobail inbhuanaithe). D'fhéadfadh creata arna gcomhaontú ag na comhpháirtithe sóisialta feidhmiú mar fhoinse thábhachtach freisin. Measann CESE gur smaoineamh ríthábhachtach ón Ardán é coimircí íosta a chur chun feidhme bunaithe ar threoirlínte UNGP agus ECFE. Ina theannta sin, d'fheidhmeodh Cairt Shóisialta na hEorpa, Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine agus an Treoir i dtaca le Dícheall Cuí maidir le hInbhuanaitheacht Chorparáideach a bheartaítear mar phointí tagartha fiúntacha le haghaidh tacsanomaíocht shóisialta freisin. Ar deireadh, maidir le gníomhaíochtaí a meastar díobháil shonrach a bheith ag baint leo, is é sin, gníomhaíochtaí atá glan in aghaidh aon chuspóirí inbhuanaitheachta faoi na dálaí uile, agus nach bhfágann bealach ar bith chun maolú ar an díobháil iontu, ba cheart na gníomhaíochtaí sin a eisiamh. Ba cheart airm a cháintear i gcomhaontuithe idirnáisiúnta, amhail cnuasbhuamaí nó mianaigh fhrithphearsanra, a chur san áireamh anseo. Molann CESE freisin coincheap a fhorbairt chun dul i ngleic le réimis ionsaitheacha agus chogaíocha.

4. **Deiseanna a ghabhann le tacsanomaíocht shóisialta**

4.1. Molann CESE go mór leas a bhaint as acmhainneacht na tacsanomaíochta chun infheistíocht a dhíriú ar ghníomhaíochtaí agus eintitis atá inbhuanaithe go sóisialta agus chun poist chuibhiúla a chruthú. Tá i bhfad níos mó ná 20 % de shaoránaigh an Aontais i mbaol bochtaineachta, chuir an phaindéim leis na neamhionannais agus éireoidh an teannas eacnamaíoch agus sóisialta níos measa i ngeall ar an gcogadh san Úcráin. Meastar ar bhonn domhanda nach mór thart ar idir USD 3,3 agus 4,5 trilliún in aghaidh na bliana a shlógadh chun na SDGanna a bhaint amach. Maidir le hearraí a tháirgtear trí shárú a dhéanamh ar chearta an duine i réimse an tsaothair, nasctar iad leis an margadh AE ina n-allmhairítear iad. San Aontas Eorpach, tá géarghá freisin le hinfheistíocht shóisialta, mar shampla chun an bhochtaineacht a laghdú, an fhoghlaim ar feadh an tsaoil a chothú agus i gcúrsaí sláinte ([9]). Meastar gur thart ar EUR 1,5 trilliún a bhí sa bhearna íosta

([8]) Treoir maidir le pá íosta leordhóthanach san Aontas Eorpach, Airteagal 4(2), comhaontú sealadach. I dtacsanomaíocht shóisialta, ba cheart tacú leis an tairseach íosta 80 % maidir le cumhdach cómhargála a socraíodh chun ceangal a chur ar na Ballstáit bearta a dhéanamh chun an ráta a mhéadú.

([9]) Tuarascáil Chríochnaitheach maidir leis an Tacsanomaíocht Shóisialta (europa.eu).

san infheistíocht sa bhonneagar sóisialta idir 2018 agus 2030 ([10]). Iarrann CESE ar an gCoimisiún meastachán nuashonraithe ar riachtanais infheistíochta a chur ar fáil chun Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chomhlíonadh agus príomhspriocanna 2030 an Aontais a bhaint amach. Beidh cistí suntasacha poiblí agus príobháideacha ag teastáil chun an inbhuanaitheacht shóisialta a chur chun feidhme.

4.2. Le cabhair ó thacsanomaíocht shóisialta, d'fhéadfadh infheisteoirí agus cuideachtaí measúnú a dhéanamh ar thionchar sóisialta a n-infheistíochta nó a ngníomhaíochta agus a mheas go deonach gur cuspóir ríthábhachtach é sin. Léiríonn CESE gur ag méadú atá an t-éileamh ar infheistíocht a bhfuil claonadh sóisialta ag baint léi agus is geal leis a oscailte atá infheisteoirí do mhaoiniú atá inbhuanaithe go sóisialta. Os a choinne sin, tá an sainmhíniú agus an caighdeánú easnamhach, agus léiríonn anailís ar rátálacha ESG agus aschuir ghaolmhara go mbíonn difríochtaí bunúsacha ann freisin ag brath ar sholáthraí na rátálacha, rud a chruthaíonn deacrachtaí don infheistíocht atá inbhuanaithe go sóisialta. Bheadh an tacsanomaíocht shóisialta ina coincheap comhleanúnach chun inbhuanaitheacht shóisialta a shainiú agus a chur chun cinn agus chun dul chun cinn a thomhas. Tá sé d'acmhainn aici cuntasacht a fheabhsú agus treoir shoiléir a chur ar fáil. Thabharfadh sí tacaíocht chinntitheach dá réir sin d'uaillmhianta infheisteoirí agus d'fhéadfadh sí feidhmiú mar dhreasacht chun go ndéanfadh tuilleadh rannpháirtithe margaidh infheistíocht den sórt sin, agus ag an am céanna, chuideodh sí le cosc a chur ar an sciúradh sóisialta.

4.3. B'fhéidir gurbh ionann gníomhaíochtaí atá díobhálach ar bhonn sóisialta agus rioscaí eacnamaíocha. Bíonn riosca baghcait ann i gcás cuideachta atá bainteach le sárú ar chearta an duine, agus sa chás go ndéantar faillí ar an dícheall cuí maidir le cearta an duine, tá baol ann go n-eisiafar cuideachta ó chonarthaí poiblí. D'fhéadfaí í a tharraingt isteach i ndlíthíocht chostasach freisin de bharr sáruithe ar chearta an duine, nó d'fhéadfaí cur as do na slabhraí soláthair de bharr stailceanna. D'fhéadfadh impleachtaí d'infheistíochtaí freisin a bheith ann i ngeall ar na rioscaí eacnamaíocha agus polaitiúla de bharr na bearna atá ag méadú idir daoine saibhre agus daoine bochta. D'fhéadfaí an tacar rioscaí sin a íoslaghdú trí chinntí infheistíochta a bhunófaí ar thacsanomaíocht shóisialta freisin. Tarraingíonn CESE aird freisin ar ghníomhaíocht an Bhainc Ceannais Eorpaigh chun borradh a chur faoin bhfaireachán a dhéantar ar rioscaí sistéamacha, de bharr faillí ar thosca inbhuanaitheachta, agus a mbainistiú. Cuireann CESE i bhfios gur minic a ghabhann rioscaí sóisialta le rioscaí comhshaoil, mar shampla i gcás ina gcailleann daoine a dtithe de bharr tuilte. Tríd is tríd, ba cheart aghaidh a thabhairt go sainráite ar rioscaí inbhuanaitheachta agus iad a bheith ina gcuid de ghníomhaíocht BCE maidir le rioscaí inbhuanaitheachta.

4.4. Tugann CESE chun suntais freisin go bhfuil an trédhearcacht ina ghné bhunriachtanach d'éifeachtúlacht na margaí. Ní na margaí caipitil amháin atá i gceist. D'fhéadfadh tacsanomaíocht shóisialta feidhmiú freisin mar uirlis chun cothromaíocht idir saoirsí eacnamaíocha agus cearta sóisialta agus saothair a bhaint amach ([11]). Tríd an trédhearcacht a fheabhsú, d'fhéadfadh sé go gcuirfí leis an margadh inmheánach sóisialta amhail a leagtar amach in Airteagal 3 CFAE agus iomaíocht chóir a chur chun cinn. Ina theannta sin, dhéanfadh an tacsanomaíocht shóisialta cothrom iomaíochta a chothú freisin agus thabharfadh sí breis infheictheachta do na cuideachtaí sin a urramaíonn cearta an duine agus cearta oibrithe. Rannchuideodh sí go suntasach leis an inbhuanaitheacht shóisialta chun infheisteoirí a mhealladh. Neartófaí ról claochlaitheach féideartha na tacsanomaíochta ach feasacht a ardú ina leith. Sa chomhthéacs sin, tugann CESE chun suntais arís an ról dearfach a d'fhéadfadh ionstraimí maoiniúcháin a imirt i bhforbairt cuideachtaí a bhfuil tionchar sóisialta ag baint leo ([12]).

4.5. Ar deireadh, d'éirigh leis an Aontas Eorpach é féin a bhunú mar cheannródaí sa mhaoiniú inbhuanaithe comhshaoil ar bhonn idirnáisiúnta agus tá sé rannpháirteach go gníomhach san iarracht dhomhanda sin. Is geal le CESE na hiarrachtaí sin, ach meabhraíonn sé don Choimisiún nár mhór an inbhuanaitheacht shóisialta a chur ar aghaidh agus na SDGanna a chur chun cinn freisin. I gcomhthéacs na hinbhuanaitheachta sóisialta freisin, ba cheart don Aontas Eorpach gach iarracht a dhéanamh a bheith ina eiseamláir agus ina cheannródaí tríd an ábhar a ardú i bhfóraim idirnáisiúnta. Tráth cogaidh agus teannais idirnáisiúnta, go háirithe, ní mór do struchtúr idirnáisiúnta um maoiniú inbhuanaithe an inbhuanaitheacht shóisialta a ghlacadh chuige féin freisin.

5. **Dúshláin agus réitigh fhéideartha**

5.1. Is geal linn go mór rún na n-infheisteoirí airgeadais infheistíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh na sochaí agus an chomhshaoil de a sheoladh agus ní mór tacaíocht a thabhairt dó. Go ginearálta, áfach, is ar ionchais maidir le toradh, riosca, leachtacht agus aibíocht a dhéanann rannpháirtithe na margaí airgeadais a gcinntí infheistíochta. D'fhéadfadh na cúiseanna sin teacht trasna ar leasanna geallsealbhóirí eile agus cur i gcoinne cuspóirí comhshaoil nó sóisialta nó iad a shárú fiú. Mar sin féin, tarraingíonn CESE aird ar roinnt mhaith sineirgí féideartha idir leasanna infheisteoirí agus geallsealbhóirí eile, mar shampla sa chás ina gcuireann rannpháirtíocht bhreise ó oibrithe feabhas ar tháirgiúlacht na gcuideachtaí nó ina gcuireann gníomhaíocht eacnamaíoch le folláine na bpobal. I gcás ar bith, níor cheart a mheas gan mhachnamh go bhfuil

([10]) An Coimisiún Eorpach, *Boosting Investment in Social Infrastructure in Europe* (Borradh a chur faoin Infheistíocht sa Bhonneagar Sóisialta san Eoraip), páipéar plé 074/Eanáir 2018.
([11]) IO C 275, 18.7.2022, lch. 50.
([12]) IO C 194, 12.5.2022, lch. 39.

gníomhaíochtaí nó eintitis eacnamaíocha nach gcomhlíonann ceanglais na tacsanomaíochta díobhálach. Sa chomhthéacs sin, d'fhéadfadh ábhair imní a bheith ann maidir le foriamh margaidh, agus iarrann CESE ar an gCoimisiún soiléiriú a chur ar fáil agus cur chuige cothrom a ghlacadh. Ba cheart an bhéim ar thionchar na hinfheistíochta inbhuanaithe ar ghníomhaíochtaí fíorgheilleagair a fheabhsú.

5.2. D'fhéadfadh neamh-chomhoiriúnachtaí teacht chun cinn mar go ndéantar cúrsaí sóisialta a rialáil ar leibhéal na mBallstát agus idir na comhpháirtithe sóisialta, agus go bhféachann an tsochaí shibhialta eagraithe ina hiomláine le bheith rannpháirteach in ábhair shóisialta, chomhshaoil agus in ábhair bheartais eile. Mar sin féin, is geal le CESE an tuarascáil ón Ardán go bhfuil rioscaí ann go sárófaí rialacháin eile, agus glacann sé leis freisin go n-áiritheofar leis an moladh ón gCoimisiún nach mbeidh forluíonna frithráiteacha ann agus nach gcuirfear isteach ar chórais shóisialta náisiúnta, ar an gcaidreamh tionsclaíoch náisiúnta agus ar rialacháin náisiúnta. Ina theannta sin, bheadh tacsanomaíocht shóisialta ag brath ar dhearbhuithe agus prionsabail chomhchoiteanna idirnáisiúnta agus Eorpacha, amhail Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, agus í ina bonn le haghaidh cinnteoireacht dheonach gan aon bheartas sóisialta ar leith a shonrú. Mar sin féin, níor mhór aon úsáid níos leithne den tacsanomaíocht, de réir mar a luaitear thuas, a bheith faoi réir próiseas cinnteoireachta iomchuí. Ní mór cur isteach míchuí ar an reachtaíocht náisiúnta agus ar neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta a chosc, agus ní mór aitheantas a thabhairt do dhifríochtaí sna leaganacha náisiúnta de mhargadh an tsaothair agus de na córais chómhargála.

5.3. Tagann luachanna polaitiúla i gceist freisin agus tacsanomaíocht shóisialta á forbairt, agus forléargas struchtúrtha ar ghníomhaíochtaí agus earnálacha atá inbhuanaithe go sóisialta dá réir. Beidh sé dúshlánach sainiú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí eacnamaíocha agus/nó earnálacha eacnamaíocha a mheasfar go gcomhlíonann siad na ceanglais tacsanomaíochta. Is é sin go díreach an fáth, áfach, ar cheart dréachtadh tacsanomaíochta a bheith faoi réir díospóireacht pholaitiúil agus cinnteoireacht dhaonlathach ([13]). Is faoi na dálaí sin amháin a d'fhéadfaí coincheap comhchoiteann den inbhuanaitheacht shóisialta a fhorbairt a bhféadfadh gníomhaithe aonair brath air agus tagairt a dhéanamh dó, agus ar cheart dóibh an méid sin a dhéanamh. Cuireann CESE i bhfáth go mbeidh a mhéid a éireoidh leis an tacsanomaíocht sa réimse sóisialta freisin ag brath ar í a bheith á glacadh go forleathan. Maidir leis na gníomhaíochtaí agus na hearnálacha a chuimseofar, ní mór dóibh sainmhíniú ar an inbhuanaitheacht a nglactar go forleathan leis a chomhlíonadh, agus iad bunaithe ar luachanna a aithnítear go ginearálta, amhail dínit an duine, comhionannas inscne, cothromaíocht, ionchuimsitheacht, neamh-idirdhealú, dlúthpháirtíocht, inacmhainneacht, dea-bhail, agus ilchineálacht. Beidh sé ríthábhachtach creidiúnacht na tacsanomaíochta a chosaint chun nach gcuirfear an tionscadal ina iomláine i mbaol.

5.4. Tá ábhair imní eile ann maidir le tacsanomaíocht shóisialta, go leagfaí ualach rómhór ceanglas tuairiscithe breise ar chuideachtaí, agus nár mhór faisnéis chasta agus dheacair a chur ar fáil, mar aon le nósanna imeachta costasacha iniúchóireachta. Iarrann CESE ar an gCoimisiún na hualaí sin a íoslaghdú agus critéir a tharraingt suas a bheidh simplí agus inbhraite gan stró, agus a thógann ar fhorluíonna le ceanglais tuairiscithe eile freisin. Is geal le CESE cur chuige an Ardáin maidir le cuspóirí na tacsanomaíochta sóisialta a struchtúrú ar bhealach atá cosúil leis an struchtúr atá á mholadh don Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach. Ar an iomlán, iarrann CESE go mbeadh tacar ordúil agus comhsheasmhach rialacha ann, gan an iomarca castachta ná áireamh dúbailte ag baint leo, tacar a oibreoidh go praiticiúil, agus a chuirfidh na riachtanais trédhearcachta ar fáil freisin. Bheadh comhairleoireacht úsáideach, mar aon le soláthar seirbhísí a bhaineann le tacsanomaíocht arna soláthar ag gníomhaireacht atá údaraithe de réir an dlí le haghaidh cuideachtaí agus eagraíochtaí eile ar mhaith leo ceanglais na tacsanomaíochta a chomhlíonadh. Sa tslí sin, d'áiritheofaí freisin go mbeadh rochtain ar an tacsanomaíocht ag cuideachtaí a mbíonn níos lú acmhainní tuairiscithe acu. Mar sin féin, is féidir le hinstitiúidí airgeadais measúnuithe a chur ar fáil fós ar thionchar sóisialta infheistíochtaí, mar atá á dhéanamh faoi láthair ag bainc atá bunaithe ar luachanna eiticiúla ar fud an domhain.

5.5. Cé gurb í aidhm na tacsanomaíochta seo creat iontaofa a chur ar fáil le haghaidh infheistíocht a bheidh inbhuanaithe go sóisialta, ní féidir talamh slán a dhéanamh de nach mbeidh sciúradh sóisialta nó snas glas i gceist. Aontaíonn CESE leis an Ardán nach ionann gealltanais agus beartais a sheiceáil agus a áirithiú go mbeidh an cur chun feidhme éifeachtach agus go ndéanfar cearta an duine a choimirciú, agus nach dtacaíonn an méid sin le gníomhaíochtaí atá inbhuanaithe go sóisialta a fhorbairt. Tá deacrachtaí móra ann maidir le maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcuspóirí inbhuanaitheachta sóisialta ag cuideachta agus leis an gcomhlíonadh sin a fhorfheidhmiú, agus maidir le feidhmíocht na cuideachta a mheasúnú feadh slabhraí soláthair an lae inniu, slabhraí soláthair a bhíonn an-chasta go minic. Ar an taobh eile, tarraingíonn an tArdán aird ar fhorbairtí a mbeadh gealladh fúthu i réimse na sonraí sóisialta inchainníochtúla, amhail i gcomhthéacs an Scórchláir Shóisialta athbhreithnithe agus na SDGanna. Ar an iomlán, ní mór an tacsanomaíocht a bheith trédhearcach, iontaofa agus í a nuashonrú go leanúnach. Molann CESE freisin go gcuirfí comhairlí oibrithe agus eagraíochtaí na sochaí sóisialta, mar shampla, san áireamh ina leith sin.

5.6. Molann CESE an díospóireacht ar ghníomhaireacht rátála AE, a dhíreodh ar an inbhuanaitheacht faoi láthair, b'fhéidir, a athsheoladh agus, sa tslí sin, ról ceannródaíoch an Aontais sa réimse sin a chomhdhlúthú. Iarrann sé an athuair freisin go ndéanfaí rialáil agus maoirseacht cheart ar sholáthraithe sonraí airgeadais agus seach-airgeadais. Ba cheart foráil a dhéanamh maidir le sásraí gearáin le haghaidh ceardchumainn, comhairlí oibrithe, eagraíochtaí tomhaltóirí agus ionadaithe

([13]) Féach thuas, caibidil 3.

eile na sochaí sibhialta eagraithe sa chás go ndéanfaí éilimh bhréige i gcás chomhlíonadh na tacsanomaíochta. Maidir leis an Rialachán, aithníonn CESE gur faoi na Ballstáit a fhágtar na bearta agus na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe. I gcás ar bith, ba cheart na húdaráis inniúla náisiúnta ([14]) a dhéanamh níos freagraí as a gcúraimí maidir le rialú a dhéanamh, agus an méid sin a fhorlíonadh le hoibleagáidí tuairiscithe dá bparlaimintí agus don tsochaí shibhialta.

An Bhruiséil, an 22 Meán Fómhair 2022.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Christa SCHWENG

([14]) Féach an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, Airteagal 21.